# Tuairisc Oifigigh
# Den Oifigeach na Gaeilge
# D'Aontas na Mac Léinn Mhá Nuad (AMLMN)
# Do Sheanad na Mac Léinn

Craig Mac Gabhann
Oifigeach na Gaeilge

Tréimhse Oibre: 2 Samhain 2022 – 15 Samhain 2022

Ríomhphost: gaeilge@msu.ie

## ACHOIMRE

A Chairde,

Tá áthas orm mo dara tuarascáil oifigigh a chur os bhur gcomhair. Is deacair é a chreidiúnt go bhfuil an tSeimeastar ag dul chomh tapa sin!

Bhí tréimhse oibre an-ghnóthach agam agus mé i mbun aistriúcháin ar roinnt nathanna agus teidil go bhféadfadh sibh usáid a bhaint as i mbun chruinnithe an tSeanaid. Molaim go láidir daoibh usáid a bhaint as na nathanna seo agus beagán Gaeilge a usáid i bhur n-oráidí. Cuireann an Ghaeilge saibhreas le bhur n-oráidí, geallaim daoibh!

Is mí ollmhór í Mí na Samhna do na Gaeil. De ghnáth, bíonn Oireachtas na Samhna ar siúl agus i mbliana, bhí sé ar siúl i gCill Airne, Co. Chiarraí. Bhain mé usáid as an deis chun labhairt le roinnt daoine go mbeidh mé ag obair leo i rith na bliana agus plé ginearálta a dhéanamh leo faoi na pleananna don bhliain.

Ar ndóigh, bím i gcónaí ar fáil trí na meáin shóisialta, MS Teams nó mo ríomhphost agus mar sin, má tá aon cheist agat nó má tá suim agat sa Ghaeilge, ná bíodh drogall ar bith teacht i dteagmháil liom!

*Le Gach Dea-ghuí,*
Craig.



*DUINE INA SHEASAMH AR CHAMPAS LENA LÁMHA CURTHA TRASNA A CHÉILE. TÁ AN FEAR AG CAITHEAMH LÉINE, GEANSAÍ AGUS SPÉACLAÍ. CHOMH MAITH LEIS SIN, TÁ SÉ AG CAITHEAMH FÁINNE ÓIR AR A GHEANSAÍ.*

**FREAGRACHTAÍ BUNREACHTÚLA**

Léiríonn Alt 10.13 de Bhunreacht AMLMN na freagrachtaí bunreachtúla d'Oifigeach na Gaeilge & Gnóthaí Cultúrtha. Léirigh mé mo fhreagrachtaí bunreachtúla thíos agus rinne métagairt ar mo dul ar aghaidh orthu.

*Liosta d'Fhreagrachtaí Bunreachtúla:*

**Cuirfidh Oifigeach na Gaeilge úsáid na Gaeilge chun cinn istigh den Aontas agus cothóidh an t-Oifigeach forbairt de chultúr dátheangach san istigh san Ollscoil.**
Tá mé tar éis roinnt acmhainní a aistriú agus cuirfear os comhair an tSeanaid iad go luath.

**Ionadaíocht a dhéanamh ar son páirteanna na grúpaí teangúla agus cultúrtha atá iomchuí roimh an bhFeidhmiúchán agus san Ollscoil ag coistí na hOllscoile éagsúla atá feiliúnach, Coiste na Gaeilge ina measc.**
Ní raibh aon chruinniú de Choiste na Gaeilge ón bpointe go raibh mé tofa. Bhí cuinniú amháin againn den fheidhmeannas agus ghlac mé páirt gníomhach chun ionadaíocht a dhéanamh ar son ghrúpaí chultúrtha agus ar son Pobal na Gaeilge ann.

**I gcomhpháirt leis an Leas-Uachtarán Saol na Mac Léinn agus grúpaí mac léinn atá iomchuí eagróidh agus comhordóidh an t-Oifigeach imeachtaí cultúrtha le, ach ní amháin, Seachtain na Gaeilge ina measc.**
Tá beagán pleanála tar éis tarlú maidir le Seachtain na Gaeilge go fóill. Beidh níos mó pleanála ar siúl níos déanaí sa bhliain.

**A bheith freagrach as cur chun cinn na Gaeilge san Aontas, trí imeachtaí shóisialta agus araile le, ach ní amháin, Seachtain na Gaeilge in a measc.**
Tá sé i gceist agam imeachtaí rialta a chur ar siúl san Aontas.

**A bheith freagrach as comhairle deas a choimeád eadrainn agus cumainn atá ag cur chun cinn na Gaeilge istigh san Ollscoil.**
Freastalaím ar chruinnithe de chuid Coiste na Cuallachta go rialta.

**Téigh i gcomhairle leis an Ollscoil agus le cónaitheoirí sa Scéim Cónaithe.**
Mar chónaitheoir ar an Scéim Chónaithe, téim i gComhairle le cónaitheoirí na Scéime agus le hOifig na Gaeilge (OMN) go rialta.

**Iarracht a dhéanamh fógraíocht dátheangach a beith ar fud an champais.**
Tá sé i gceist agam féachaint ar an bhfógraíocht atá timpeall an champais faoi láthair. Tar éis siúl beag, thug mé faoi deara go bhfuil roinnt fógraí gan Ghaeilge sa Scéim Chónaithe agus déanfaidh mé mo dhícheall chun é seo a dheisiú.

**TIONSCADAIL FHORÓGRACHA**
Agus mé ag rith le haghaidh Oifigeach na Gaeilge, léirigh mé cuid gealltanais fhorógracha. I rith mo thréimse déanfaidh mé dul ar aghaidh ar na gealltanais seo agus mé in ann.

*Liosta de mo ghealltanais fhorógracha:*
1. Straitéis na Gaeilge
2. Imeachtaí Míosúla don Ghaeilge
3. Scéim Tandem do fhoghlaim na dTeangacha
4. Fóram na Gaeilge
5. Gradaim na Gaeilge
6. Feiceálacht na Gaeilge

**Straitéis na Gaeilge**
Is tionscadal mór oibre é seo. Tá sé i gceist agam bualadh le hOifigigh ó Ollscoil na Gaillimhe agus le Conradh na Gaeilge (daoine a bhfuil taithí acu ó thaobh Straitéisí Teanga a chruthú agus a chur i bhfeidhm) chun plé a dhéanamh ar Straitéis agus an próiseas a bhain siad usáid as.

**Imeachtaí Míosúla don Ghaeilge**
Táim ag iarraidh an chéad imeacht a eagrú san Aontas i go luath.

**Scéim Tandem do fhoghlaim na dTeangacha**
Táim ag iarraidh an scéim seo a chur faoi sheol ag tús an dara seimeastar. Tá sé i gceist agam bualadh le Seanadóirí freisin chun plé a dhéanamh ar an scéim seo.

**Fóram na Gaeilge**
Is í an aidhm a bhaineann leis seo ná cumarsáid idir an Aontas, Cuallacht agus Oifig na Gaeilge a fheabhasú. Táim fós ag fanacht le feiceáil an mbeidh roinnt de na coirp bunaithe. Nuair atá freagra cinnte agam, beidh mé in ann

**Gradaim na Gaeilge**
Tá sé i gceist agam go mbeidh an scéim gradaim seo cosúil le Gaisce (dúshlán pearsanta). Táim ag iarraidh é seo a chruthú agus cuirfear faoi sheol í sa dara seimeastar.

**Feiceálacht na Gaeilge**
Tá sé i gceist agam féachaint ar an bhfógraíocht ar champas faoi láthair chun cinnte a dhéanamh go bhfuil an Ollscoil ag cloí le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (ó tohaobh fógraíochta de). Ceann de na ceantair atá tugtha faoi deara agam ná foirgneamh na scéime (Árasáin Ghaoth Dobhair) agus roinnt de na Carrchlóis le fógraíocht gan Ghaeilge orthu.

**RÚN & MANDÁID**
Tá go leor rún agus mandáid a éilíonn páirteachas ar mo ról. I rith mo thréimhse déanfaidh mé dul ar aghaidh ar gach ceann de na gluaiseachtaí agus na sainorduithe seo agus mé in ann. Thíos tá liosta de gach gluaiseacht agus sainordú atá gníomhach a éilíonn mo pháirteachas, le huasdátú ar mo dul ar aghaidh le gach ceann.

*Liosta de na rún & mandáid:*
1. Chur chun cinn an Cúpla Focal
2. Léargas na Gaeilge i bhfeachtais
3. Liosta de na teidil oifigiúla de Bhaill an tSeanaid le cur timpeall
4. Liosta de nathanna Gaeilge le husáid sa Seanad a chruthú agus a chur timpeall
5. Rún chun stócaireacht a dhéanamh ar pháirtithe cuí i gcoinne Cúrsa nua na hArdteiste
6. Rún chun leagan Gaeilge a dhéanamh de Bhunreacht AMLMN

**Chur chun cinn an Cúpla Focal**
Tá sé i gceist agam feachtas 'Focal an Lae' a thosú ar an gcuntas @msugaeilge nuair atá rochtanas agam don chuntas sin. Idir an dá linn, táim ag tabhairt cúnaimh don Chuallacht maidir lena bhFocal an Lae i Seomra na Gaeilge.

**Léargas na Gaeilge i bhfeachtais**
Labhair mé ag an gcruinniú deireanach den Fheidhmeannas agus chuir mé i gcuimhne go raibh mé ar fáil d'aistriúcháin agus d'iarr mé ar bhaill an fheidhmeannais 3 lá a thabhairt dom chun rudaí a aistriú.

**Liosta de na teidil oifigiúla de Bhaill an tSeanaid le cur timpeall**
Tá an liosta seo dréachtaithe agam agus curtha ar an Aigeanda agam don dara cruinniú.

**Liosta de nathanna Gaeilge le husáid sa Seanad a chruthú agus a chur timpeall**
Labhair mé leis an LU Oideachais faoin liosta seo, rinne mé léirmheas air agus beidh an liosta curtha ar an aigeanda don dara cruinniú den Seanad.

**Rún chun stócaireacht a dhéanamh ar pháirtithe cuí i gcoinne Cúrsa nua na hArdteiste**
Tá an Roinn Oideachais i mbun léirmheas a dhéanamh ar na moltaí atá déanta ag eagraíochtaí maidir le cúrsa nua na hArdteiste. Nuair a bheidh an léirmheas seo críochnaithe, más féidir níos mó a dhéanamh, déanfar níos mó.

**Rún chun leagan Gaeilge a dhéanamh de Bhunreacht AMLMN**
Tá an uirlis 'eTranslation' de chuid an Aontais Eorpaigh fiosraithe agam agus tá profléitheoireacht déanta agam air. Tá an Bunreacht curtha agam ar Aigeanda an tSeanaid don dara cruinniú. Déanfar seo arís nuair a bheidh léirmheas déanta ar an mbunreacht.

**Coistí**

Rinne mé liosta de na coistí ina bhfuil mé mar bhall de agus rinne mé iarracht cur síos a
dhéanamh ar a sainchúram agus cuid de na rudaí a dhéanann siad. Rinne mé liosta freisin de na rudaí chuir mé leis na coistí seo.

*Coistí ina bhfuil Oifigeach na Gaeilge mar bhall de:*

1. Coiste Gnó AMLMN
2. Seanad na Mac Léinn AMLMN
3. Coiste na Gaeilge (OMN)
4. Coiste na Gaeilge (AMLMN)
5. Cuallacht Cholmcille

**Coiste Gnó AMLMN**

*Déantar an coiste seo a tofa go bliaintúil agus tá said i gceannas ar an reachtáil laethúil den aontas.*

D'fhreastail mé ar chruinniú amháin den Choiste seo. I rith an chruinniú, chaith mé mo vóta agus léirigh mé mo thuairimí ar réimse leathan cúrsaí. Chomh maith leis sin, chuir mé in iúl don fheidhmeannach go bhfuil mé ar fáil d'aistriúcháin agus d'iarr mé orthu fógra 3 lá a thabhairt dom.

**Seanad na Mac Léinn AMLMN**

*Coiste de daltaí a dhéanann ionadaíocht ar son na dámha agus grúpaí sainleasa ar Champas.*

Bhí cruinniú amháin den Seanad ann le linn na tréimhse oibre. Le linn an chruinniú seo, ghlac mé páirt gníomhach agus chaith mé mo vóta nuair a bhí an deis agam.

**Coiste na Gaeilge (OMN)**

*Coiste le báillíocht ó roinn éagsúla san ollscoil agus ionadaithe mac léinn a dhéanann plé*
*ar an Ghaeilge san ollscoil agus ar champas.*

Ní raibh aon chruinniú ag an gcoiste seo ón uair go raibh mé tofa.

**Coiste na Gaeilge (AMLMN)**

*Coiste a dhéanann plé ar an Ghaeilge san aontas agus san ollscoil.*

Tá mé i mo Chathaoirleach ar an gCoiste seo. Toisc nach bhfuil coiste seo lán go fóill, ní raibh aon chruinniú ag an gcoiste seo.

**Cuallacht Cholmcille**

*Cumann Mac Léinn*

Suím ar an gcoiste seo mar Oifigeach na Gaeilge chun dea-chaidreamh a cothú idir an cumann agus an aontas, chun eolas nua a thabhairt do ón aontas agus chun tacaíocht a thabhairt. D'fhreastail mé ar dhá chruinniú den Choiste seo agus thug mé cúnamh dóibh le pleanáil 'Gaeilge 24'.

**OBAIR GINÉARÁLTA**
Níl obair d’Oifigeach na Gaeilge sáinnithe i róil bhunreachtúla ná gealltanais fhorógracha. Déanaim go leor rudaí éagsúla i rith m’obair a dhéanamh. Rinne mé tagairt chuimsitheach orthu thíos.

*Liosta de chuid de na príomhrudaí a rinne mé:*

1. **Ainmniúchán do Choiste Ghaeilge na hOllscoile**
2. **#Gaeilge24**
3. **Gníomhaí Gaeilge**

**Ainmniúchán do Choiste Ghaeilge na hOllscoile**
Tá an cumas ag Tionól na Mac Léinn mac léinn a ainmniú go Coiste Ghaeilge na hOllscoile. Bhí mé ag tabhairt comhairle don Uachtarán maidir leis an ainmniúchán seo.

**#Gaeilge 24**
Tá Gaeilge 24 ar siúl ar an 15 Samhain 2022. Thug mé cúnamh don Chuallacht maidir leis an bpleanáil ina gcruinnithe agus beidh mé ag eagru ceann de na himeachtaí, Taispeántas den scannán ‘An Cailín Ciúin‘ i Seomra na Gaeilge ar an lá sin.

**Gníomhaí Gaeilge**
Tá sé i gceist agam bualadh lenár gcomhairleoir go luath maidir le dul chun cinn an Aontais sa scéim seo.

**SCEIDEAL NA GCRUINNITHE**
Seo thíos sceideal na gcruinnithe gur fhreastail mé air:

*Sceideal na gCruinnithe:*

**Seachtain 45**
Coiste Gnó – 7 Samhain – 16:00
Cuallacht Cholmcille – 7 Samhain – 18:00
Coiste Gnó – 8 Samhain – 17:00
Seanad na Mac Léinn – 9 Samhain – 18:00 (ar líne)

**Seachtain 46**
Cuallacht Cholmcille – 14 Samhain – 18:00

**COSTAIS ÉILITHE**
Seo thíos liosta de na costais atá éilithe agam:

*Liosta de na Costais Éilithe:*

1. Níl aon chostas éilithe agam.